# Meiriocá

Tá cnoic is gleanntaí Éireann
Ag goil ó léargas orm is beidh go deo
Má dealaítear ó chéile
Mé féin 'gus mo mhíle stór

Nach é an truaigh gan mé is mo stóirín
'S lóistín tóigthe againn i Meiriocá
Ná an long is fearr ag Seoirse
Faoi racht seoil againn ag tarraingt ann

Tá an fharraige seo tóigthe
Níl sí inseolta ag long ná ag bád
Mura bhfaighimid malairt córach
Glac mo chomhairle agus fan go lá

Is é mo léan gan mé i m'éinín
Nó i m'fhéileacán ó thom go tom
D'aithriseoinn scéal do do bhéilín
Dá ndéantá ormsa rún

Do ghrua ba deirge ná an chaor
'S tú is deise méin is leagan súl
Nach cladhartha bocht an scéal é
'S mo ghaolta uilig i bhfeirg liom

Saibhreas rí na Fódla
Go deo agus é fháil le mnaoi
'S go mb'fhearr liom geall a pósta
Ar mo stór agam ná an méid sin cruinn

***Muireann Ní Cheannabháin a rinne an cheardlann seo.***

Le tacaíocht ó

arts council / an chomhairle ealaíon — ostú na healaíona traidisiúnta — artscouncil.ie

An Góilín